

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001

CUNTASAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL
(400 marc)

DÉARDAOIN, 14 MEITHEAMH, 2001 - MAIDIN, 9.30 a.m. – 12.30 p.m.

Ta an páipéar seo roinnte i 3 roinn :

Roinn 1 : Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Ta 4 cheist sa roinn seo (uimhreacha 1 - 4). Tá 120 marc ag dul don chéad cheist agus tá 60 marc an ceann a do na trí cheist eile.
Ba chóir d'iarrthóirí **Ceist 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **dhá** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo.

Roinn 2 : Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá trí cheist sa roinn seo (uimhreacha 5 – 7). Tá 100 marc ag dul do gach aon cheist.
Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

Roinn 3 : Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ag dul do gach aon cheist. Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamháin

Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus ceisteanna ar an bpaipéar seo á bhfreagairt; áfach, go dtaispeántar oibríochtaí sa leabhar freagraí/sna leabhair freagraí sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt mar gheall ar obair cheart.

ROINN 1 (120 marc)
Freagair **Ceist 1 NÓ DHÁ** cheist ar bith eile.

1. Cuntais Chríochnaitheacha Cuideachta

Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as leabhair Lupus Teo., ar 31/12/2000

	£	£
Scairchaipiteal		
Údaraithe - 660,000 Gnáthscair ar £1 an ceann		
Eisithe - 420,000 Gnáthscair ar £1 an ceann		420,000
Paitinní.....	60,000	
Trealamh Oifige	20,000	
Foirgnimh	600,000	
Dímheas Carntha – Trealamh Oifige.....		8,000
Dímheas Carntha – Foirgnimh.....		84,000
Féiciúnaithe agus Creidiúnaithe	66,000	55,000
Bintiúir 11% eisithe ar 31/3/2000.....		100,000
Ceannacháin.....	480,000	
Díolacháin		731,000
Tuarastail	82,000	
Stoic 1/1/2000		
Earraí le hathdhíol.....	85,600	
Stáiseanóireacht	500	
Iarmhéid Brabúis is Caillteanais 1/1/2000.....		21,000
Aischiur Isteach	1,000	
Stáiseanóireacht	2,400	
Soláthar in aghaidh Drochfhiach		2,800
Coimisiún		9,000
Táillí Stiúrthoirí	28,000	
Fógraíocht	7,200	
CBL		2,200
Solas, teas agus árachas	16,000	
Banc		15,700
	<u>1,448,700</u>	<u>1,448,700</u>

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:

1. Stoic ar 31/12/2000:
 - Earraí le hathdhíol - £98,500
 - Stáiseanóireacht - 600
2. Tá an soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú go dtí 3% de na féiciúnaithe.
3. Tá soláthar le déanamh i gcomhair dímheasa mar seo a leanas:
 - Trealamh oifige – 10% den luach de réir na leabhar.
 - Foirgnimh – 2% den chostas.
4. Ba chóir soláthar a dhéanamh d'ús dlite ar bhintiúir.
5. Bhain an fhógraíocht leis an mbliain dar chríoch 31/3/2001.
6. Déan soláthar do cháin chorparáide £10,000.

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:

- (a) Cuntas Trádála, agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2000. (80)
- (b) Clár Comhardaithe mar a bheadh ar 31/12/2000. (40)

(120 marc)

2. Cuntais Ghnólacht Seirbhíse

Seo thíos na sócmhainní agus na dliteanais ag Máire Ní Threasaigh, fiacloir, ar 1 Eanáir 2000; foirgnimh £175,000; troscán £3,900; trealamh fiacloireachta £72,000; carr £22,000; suimeanna dlite ó othair £4,500; leictreachas dlite £150; airgead sa bhanc £2,350; stoc amhábhair fiacloireachta £645.

Baineadh na sonraí seo a leanas as na taifid aici ar 31 Nollaig 2000.

Fáltais	£	Íocaíochtaí	£
Táillí othar	100,400	Ceannacháin – Amhábhair fiacloireachta	7,630
		Táillí teicneora	10,420
		Táillí ainéistéisí	5,540
		Árachas	1,660
		Leictreachas	740
		Irisí	124
		Teileafóin	1,756
		Speansais mótaí	2,444
		Táillí iniúcháora	720
		Tarraingtí	35,000
		Trealamh nua fiacloireachta	7,800
		Tuarastal fáilteora	14,000

Tá an t-eolas breise seo a leanas le tabhairt san áireamh ar 31 Nollaig 2000:

- (1) Cuireadh luach £2,265 ar an stoc amhábhair fiacloireachta ag Ní Threasaigh.
- (2) £2,860 dlite di ó othair.
- (3) Tuarastal dlite don fháilteoir £1,100.
- (4) Is mian léi trealamh fiacloireachta (breiseanna san áireamh) a dhímheas de réir 10% dá chostas agus an carr a dhímheas de réir 20% dá chostas.

Iarrtar ort:

- (a) Caipiteal Ní Threasaigh ar 1/1/2000 a ríomh. (20)
- (b) Cuntas Ioncam agus Caiteachais Ní Threasaigh a ullmhú don bhliain dar chríoch 31 Nollag 2000. (40)

(60 marc)

3. Ceartú Earráidí agus Cuntais Fionraí

Níor réitigh comhardú trialach J. de Búrca ar 31/12/2000 agus iontráladh an difríocht i gcuntas fionraí. Ar scrúdú na leabhar tháinig na hearráidí seo a leanas chun solais:

1. Breacadh lascaí £420 a fuarthas ó chreidiúnaithe do dhochar an chuntais lascaíne ceadaithe.
2. Iontráladh trealamh siopa a ceannaíodh ar cairde ar £2,400 i leabhar lae na gceannachán agus breacadh é chun dochar chuntas na gcreidiúnaithe.
3. Breacadh iomlán leabhar lae na gceannachán £135,800 do chuntas na gceannachán mar £138,500.
4. Ní raibh aon taifead sna leabhair d'earraí £150 a bhí tógtha ag de Búrca dá úsáid phríobháideach.
5. Rinneadh an leabhar aiscur isteach a shuimiú £110 róghann.

Iarrtar ort:

- (a) Iontráil na ceartúcháin atá riachtanach. (35)
(b) Ullmhaigh Ráiteas Brabúis Ghlan Cheartaithe más é £21,000 an brabús glan de réir na gcuntas. (25)

(60 marc)

4. 1. Réamhíocaíochtaí

Iocann F. Ó Gormáin cíos dhá uair sa bhliain ar 1 Aibreán agus ar 1 Deireadh Fómhair. Ar 1/1/1999, léirigh an cuntas cíosa iníochta réamhíocaíocht £900. Rinneadh na híocaíochtaí seo a leanas i gcaitheamh 1999 agus 2000:

1 Aibreán	1999	£2,400
1 Deireadh Fómhair	1999	£2,400
1 Aibreán	2000	£2,680
1 Deireadh Fómhair	2000	£2,680

Iarrtar ort Cuntas Chíos Ui Ghormáin a thaispeáint don dá bhliain dar chríoch 31/12/2000. (25)

2. Drochfhiacha agus Soláthar in aghaidh Drochfhiach

Bhí iarmhéid £1,320 ag S. Mac Aodha sa chuntas Sholáthar in aghaidh Drochfhiach ar 1/1/1999. Ar 1/6/1999, breithníodh féichiúnaí, C. Seoighe, ina fhéimheach agus íocadh an chéad díbhinn agus an díbhinn deiridh 25p sa £1 ar fhiach a £1,200. Rinneadh iarmhéid chuntas Sheoighe a dhíscríobh ina drochfhiacha in aghaidh an gCuntais Soláthair in Aghaidh Drochfhiach.

Ar 31/12/1999 bhí féichiúnaithe i bhfiacha £26,200 le Mac Aodha. Bheartaigh Mac Aodha fiach £200 a bhí dlite dó ag Ó Núnáin a dhíscríobh in aghaidh an tsoláthair, agus soláthar 5% a dhéanamh in aghaidh na bhféichiúnaithe eile sa bhliain 2000.

Iarrtar ort a thaispeáint:

- (a) Cuntas C. Sheoighe. (15)
(b) An Cuntas Sholáthar in Aghaidh Drochfhiach. (20)

(60 marc)

ROINN 2 (200 marc)
Freagair DHÁ cheist ar bith.

5. Míniú ar Chuntais

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais de Brún Tta. don bhliain dar chríoch 31/12/2000.

Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2000

	£	£
Díolacháin chreidmheasa		490,000
Lúide costas díolachán		
Stoc 1/1/2000	60,000	
Ceannacháin	<u>370,000</u>	
Lúide Stoc 31/12/2000	<u>?</u>	<u>?</u>
Ollbhrabús		105,000
Lúide Speansais (ús san áireamh)		<u>43,000</u>
Glanbhrabús don bhliain		62,000
Iarmhéid Bhrabúis agus Chaillteanais 1/1/2000		<u>26,000</u>
Iarmhéid Bhrabúis agus Chaillteanais 31/12/2000		<u>88,000</u>

Clár comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2000

	£	£
Sócmhainní Seasta		370,000
Sócmhainní Reatha (Féichiúnaithe £36,000 san áireamh)	88,000	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain.	<u>34,000</u> <u>54,000</u>	
		<u>424,000</u>
Maoinithe ag:		
Creidiúnaithe: suimeanna dlite i ndiaidh níos mó ná 1 bhliain.		
Bintiúir 8% (2005/2006).		50,000
Caipiteal agus Cúlchiste		
Gnáthscaireanna		286,000
Cuntas Brabúis agus Caillteanais		<u>88,000</u>
		<u>424,000</u>

(a) Iarrtar ort:

- (i) An Céatadán Marcála suas ar chostas a ríomh.
- (ii) An stoc deiridh a ríomh.
- (iii) An tréimhse creidmheasa a thugtar do Fheichiúnaithe a ríomh.
- (iv) An Toradh ar Chaipiteal in Úsáid a ríomh. (40)

(b) Mínigh iad seo a leanas:

- (i) Bintiúir (2005/2006).
- (ii) Sócmainní Doláimhsithe.
- (iii) Ráta an Láimhdeachas Stoic.
- (iv) Capiteal in Úsáid. (40)

(c) An mbeadh rath níos fearr ar an ngnólacht thuas dá mbeadh sé tar éis díol amach agus a chuid airgid a infheistiú in institiúid airgeadais don bhliain seo caite. Tabhair fáthanna le do fhreagra. (10)

(d) Más é 1.5 in aghaidh a 1 an cóimheas reatha agus más é 0.9 in aghaidh a 1 an cóimheas fíorthástála do 1999, léirigh do thuairim i dtaobh leachtacht an ghnólachta faoi láthair. (10)

(100 marc)

6. Taifid Neamhiomlána – Cuntais rialúcháin

Níor choinnigh T. Ó Súilleabháin sraith iomlán leabhar i rith na bliana dar chríoch 31/12/2000. Seo a leanas achoimre ar chuntas an airgid don tréimhse sin:

Fáltais Airgid	£	£
Iarmhéid - 1/1/2000	740	
Féichiúnaithe	21,200	
Coimisiún	760	
Díolacháin	83,400	
Cíos	<u>4,500</u>	110,600
Íocaíochtaí Airgid		
Tarraingtí	12,500	
Ceannacháin	49,100	
Pá agus Speansais Ghinearálta	19,700	
Troscán	4,300	
Creidiúnaithe	<u>24,200</u>	109,800

Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil chomh maith:

	1/1/2000	31/12/2000
Áitreabh	180,000	180,000
Veaineanna seachadta	26,000	26,000
Speansais dlite	460	380
Coimisiún infhaighte dlite	-	340
Stoc	8,700	9,200
Féichiúnaithe	3,400	4,100
Creidiúnaithe	7,200	6,900

Iarrtar ort:

- (a) Na Ceannacháin Iomlána agus na Díolacháin Iomlána ag Ó Súilleabháin a ríomh. (30)
- (b) Cuntais Trádála, Brabúis agus Cailteanais a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2000. (30)
- (c) Clár Comhardaithe a ullmhú don 31/12/2000. (40)

(100 marc)

7. **Ráiteas faoi Shreabhadh Arigid**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Mhic Eoin Tta.

Sliocht Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2000

	£
Brabús Oibriúcháin	126,000
Ús íoctha	<u>(8,000)</u>
	118,000
Cáin	<u>(28,000)</u>
	90,000
Díbhinn mholta	<u>(30,000)</u>
Brabús choinnithe don bhliain	60,000
Iarmhéid Brabúis is Cailteanais 1/1/2000	<u>50,000</u>
Iarmhéid Brabúis is Cailteanais 31/12/2000	<u>110,000</u>

Clár Comhardaithe mar a bhí ar

	31/12/2000		31/12/1999	
	£	£	£	£
Sócmhainní Seasta				
Talamh agus Foirgnimh	380,000	280,000		
Lúide Soláthar in aghaidh dímhéasa	<u>66,000</u>	<u>314,000</u>	<u>60,000</u>	<u>220,000</u>
Sócmhainní Reatha				
Stoc	148,000	115,000		
Féichiúnaithe	85,000	76,000		
Airgead	<u>8,000</u>	<u>15,000</u>		
	<u>241,000</u>	<u>206,000</u>		

Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin

Creidiúnaithe	47,000	54,000
Cáin	28,000	20,000
Díbhinn mholta	<u>30,000</u>	<u>22,000</u>
	<u>(105,000)</u>	<u>(96,000)</u>

Sócmhainní Reatha Glan	<u>136,000</u>	<u>110,000</u>
Sócmhainní Iomlána Glan	<u>450,000</u>	<u>330,000</u>

Maoinithe ag:

Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin

Bintiúir 10%	100,000	80,000
Caipiteal agus Cúlchiste		
Gnáthscair Chaipiteal eisithe	240,000	200,000
Cuntas Brabús agus Cailteanais	<u>110,000</u>	<u>50,000</u>
	<u>450,000</u>	<u>330,000</u>

Iarrtar ort:

(a) An brabús oibriúcháin a réiteach leis an sreabhadh glan airgid ó imeachtaí oibriúcháin. (30)

(b) An ráiteas faoi shreabhadh airgid a ullmhú do Mac Eoin Tta. don bhliain dar chríoch 31/12/2000 faoi na ceanteidil seo a leanas:

1. Imeachtaí Oibriúcháin
2. Toradh ar infheistíocht
3. Cáin
4. Imeachtaí infheistíochta
5. Maoiniú.

(70)

(100 marc)

ROINN 3 (80 marc)
Freagair ceist AMHÁIN

8. Costasaíocht Ionsú

Cuideachta bheag giurnálaíochta is ea Dair Tta., a bhfuil na costais bhuiséadaithe seo a leanas aici don bhliain seo roimpi:

	£
Amhábhair díreach	184,000
Saothar díreach	66,000
Forchostais monarchan	77,000

Don bhliain seo, tá buiséadú déanta ag an gcuideachta ar 11,000 uair saothair agus ar 14,000 uair meaisín.

Seo a leanas sonraí ordú custaiméara uimhir 1342:

Amhábhair dhíreacha	£9,000
Uaireanta saothair dhírigh	160 uair
Uaireanta meaisín	240 uair

Iarrtar ort a ríomh:

- (a) An uair-ráta meaisín ionsú forchostais.
- (b) An uair-ráta saothair dhírigh ionsú forchostais.
- (c) Costas jab uimhir 1342 de réir an uair-ráta meaisín ionsú forchostais.
- (d) Costas jab uimhir 1342 de réir an uair-ráta saothair dhírigh ionsú forchostais.
- (e) Costas díolachán jab uimhir 1342 leis an gcustaiméir de réir an **da** uair-ráta ionsú forchostais agus marcáil suas 40% den chostas san áireamh.

(80 marc)

9. Buiséadú Airgid

Tá gnólacht á rith ag Seán Ó Conchúir le roinnt blianta. Tá an t-eolas seo á chur ar fáil aige ar 1/3/2001 agus iarrann sé ort na saoráidí rótharraingthe a bheidh uaidh as seo go ceann 5 mhí a thuar.

	£
Féichiúnaithe ar 1/3/2001 (déanta suas de £62,000 ar dhíolacháin Eanáir agus £54,000 ar dhíolacháin Feabhra)	116,000
Creidiúnaithe ar 1/3/2001	46,000
Rótharraingt bainc ar 1/3/2001	18,000

Measann sé gur mar seo a bheidh na díolacháin, na ceannacháin agus na speansais go ceann cuig mhí:

	Márta	Aibreán	Bealtaine	Meitheamh	Iúil
Díolacháin	£55,000	£75,000	£94,000	£88,000	90,000
Ceannacháin	£42,000	£52,000	£64,000	£55,000	60,000
Speansais	£12,000	£9,000	£11,000	£13,000	14,000

Íoctar speansais de réir mar a éiríonn siad.

Bíonn na díolacháin uile ar cairde agus íoctar astu dhá mhí tar éis mhí an díolacháin.

Bíonn na ceannacháin uile ar cairde ach amháin £14,000 de cheannacháin an Bealtaine agus íoctar astu mí tar éis mhí an cheannacháin.

Iarrtar ort:

- (a) Buiséad airgid a ullmhú a léireoidh an figiúr bainc buiséadaithe ag Seán ó mhí go chéile gach mí idir Márta agus Iúil, an dá mhí sin san áireamh.
- (b) Cén t-eolas is féidir le Seán a bhaint as an mbuiséad airgid a ullmhaíodh?

(80 marc)